# Staitisticí Ioncaim Cíosa 2023

Nollaig 2025

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís ar thuairisceáin a tíolacadh agus ar fhaisnéis bhainteach eile ag Brainse um Straitéis, Meastóireacht & Tuairisciú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ba chóir caitheamh leis na staitisticí seo mar staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú orthu.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le hioncam cíosa a sheoladh chuig statistics@revenue.ie

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs


ISSCOP
Irish Statistical System Code of Practice

## Maoine Cíosa Cónaithe agus Tráchtála 2023

Leagtar amach sa tábla seo a leanas iomlán an ioncaim chomhláin cíosa a fuarthas le haghaidh maoine cíosa cónaithe agus maoine cíosa tráchtála araon, agus líon na n-aonad cáiníocóra[1] a bhfuil ioncam cíosa á dhearbhú acu i leith na mblianta 2014–2023, mar a thaifeadtar ar thuairisceáin cánach ioncaim (Foirm 11).

| Bliain | Aonaid Cáiníocóra | Ioncam Comhlán Cíosa €M |
|---|---|---|
| 2023 | 194,100 | 5,013 |
| 2022 | 195,200 | 4,835 |
| 2021 | 193,200 | 4,539 |
| 2020 | 194,400 | 4,412 |
| 2019 | 197,600 | 4,564 |
| 2018 | 197,400 | 4,441 |
| 2017 | 195,200 | 4,306 |
| 2016 | 193,100 | 4,215 |
| 2015 | 183,500 | 4,003 |
| 2014 | 178,500 | 3,982 |

Tugann an Fhoirm 11 2023 deis do cháiníocóirí a dhearbhú go sonrach an mhaoin tráchtála nó cónaithe atá ina maoine cíosa, agus tugann an páipéar seo briseadh síos ar an ioncam agus costais go leithleach le haghaidh an dá chineál maoine.





Ba ionann €5,013 milliún agus suim iomlán an ioncaim cíosa a dearbhaíodh in 2023, agus is ionann an t-ioncam cíosa ó mhaoine cónaithe agus **71%** den iomlán seo.

In 2022 an t-ioncam cíosa iomlán a dearbhaíodh ná €4,835 milliúin, agus is ionann an sciar cónaitheach agus **72%** den iomlán seo.


## Maoine Cíosa Cónaithe

Ba ionann timpeall €3,584 milliúin agus suim iomlán an ioncaim cíosa chomhláin a dearbhaíodh ar mhaoine chónaithe in 2023, méadú €127 milliún (3.7 faoin gcéad) ó 2022. Léirigh sé seo timpeall **7%** d'iomlán an ioncaim chomhláin ó shaothruithe ioncaim a dearbhaíodh ar an bhFoirm 11s 2023.




Bhí an brabús glan iomlán a dearbhaíodh thart ar €2,267 milliún, agus an glanchaillteanas a dearbhaíodh thart ar €36 milliún. Baineadh suim an bhrabúis/an chaillteanais inmhuirir tar éis costais ach roimh aon liúntais chaipitiúla nó caillteanais ar aghaidh.

[1] Meastar gur aonad amháin cánach iad daoine pósta nó páirtnéirí sibhialta a roghnaigh nó a mheastar a roghnaigh comh-mheasúnú.





In 2023, dearbhaíodh 156,300 aonad cáiníocóra ioncam cíosa ar mhaoine chónaithe, agus ba ionann é seo agus thart ar **24%** d'aonaid cáiníocóra inmheasúnaithe a rinne Foirm 11 a thíolacadh an bhliain sin.


Tá sé seo níos lú ná 2022 nuair a dhearbhaigh 158,700 aonad cáiníocóra ioncaim cíosa chónaithe.

As na cáiníocóirí sin a dhearbhaigh ioncam cíosa ar mhaoin chónaithe in 2023, léiríonn an t-ioncam cíosa sin thart ar **21%** dá n-ioncam cíosa comhlán don bhliain.

Tá sé seo ag teacht le 2022 nuair a bhí ioncam cíosa 21% den sciar iomlán ann freisin.





An tsuim iomlán de chostais incheadaithe a éilíodh ar mhaoine chónaithe in 2023 ná timpeall €1,353 milliún. Is ionann seo agus tuairim is **38%** den ioncam cíosa comhlán a dearbhaíodh i leith maoine cónaithe in 2023. Leagtar amach sa tábla a leanas briseadh síos i leith na gcostas sin:




Ba chóir a thabhairt do d'aire:

- Baineann Iomlán Alt 97A le costais réamh-ligin ar maoin atá folamh.
- 'Iomlán Alt 23' - ní cheadaítear an faoiseamh seo ach sa chás gurb é 2023 an chéad bhliain éilimh.
- Féadfaidh sé go n-áireofar sa chatagóir 'Costais Iomlán Eile' costais amhail préimheanna árachais, cothabháil maoine, costais chlárúcháin leis an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe (RTB) srl.

Leagtar amach sa chairt a leanas céatadáin na gcostas incheadaithe éagsúla a éilítear i ndáil leis na costais iomlána a éilíodh i leith 2021, 2022 agus 2023:



# Maoine Cíosa Tráchtála






In 2023, dhearbhaigh 57,300 aonad cáiníocóra ioncam cíosa ar mhaoine tráchtála, agus ba ionann é seo agus thart ar **9%** d'aonaid cáiníocóra inmheasúnaithe a rinne Foirm 11 a thíolacadh an bhliain sin.

In 2022, dhearbhaigh 55,900 aonad cáiníocóra ioncam cíosa ar mhaoine tráchtála.

Is é suim iomlán an ioncaim chomhláin cíosa a dearbhaíodh i leith maoin tráchtála in 2023 ná thart ar €1,429 milliún, méadú €52 milliún (3.7 faoin gcéad) ó 2022. B'ionann é seo agus thart ar **3%** d'iomlán an ioncaim chomhláin a dearbhaíodh ar na Foirmeacha 11 tíolactha ó gach cáiníocóir. Tá sé seo ag teacht le 2022 a bhí ag 3% freisin.

Bhí iomlán an bhrabúis ghlain a dearbhaíodh i leith maoine tráchtála in 2023 thart ar €993 milliún. Tá iomlán an ghlanchaillteanais tuairiscithe a dearbhaíodh i leith maoine tráchtála in 2023 thart ar €10 milliún. Baineadh suim an bhrabúis inmhuirir/an chaillteanais incheadaithe tar éis costais ach roimh aon liúntais chaipitiúla nó caillteanais ar aghaidh.





As na cáiníocóirí sin a dhearbhaigh ioncam cíosa ar mhaoin tráchtála in 2023, ba ionann an t-ioncam cíosa sin agus thart ar **23%** dá n-ioncam cíosa comhlán don bhliain, beagán os cionn an 22% in 2022.

An tsuim iomlán de chostais incheadaithe a éilíodh ar mhaoine tráchtála in 2023 ná timpeall €446 milliún. Is ionann seo agus tuairim is **31%** den ioncam cíosa comhlán a dearbhaíodh i leith maoine tráchtála in 2023. Is méadú de €51 milliún é seo i gcomparáid le 2022.

Leagtar amach sa tábla a leanas briseadh síos i leith na gcostas sin:




Leagtar amach sa chairt a leanas céatadáin na costais incheadaithe éagsúla a éilítear i ndáil leis na costais iomlána a éilíodh i leith 2021, 2022 agus 2023:

